COMHDHÁIL MAIDIR LE hAONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– MONTAINÉAGRÓ–

An Bhruiséil, 23 Eanáir 2026
(OR. en)

AD 2/26

LIMITE

CONF-ME 2

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH<br>– Caibidil 32: Rialú Airgeadais |

PUBLIC

# COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH

**Caibidil Chaibidlíochta 32: Rialú airgeadais**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na Comhdhála Aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

- aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;
- na comhaontuithe sin a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu i ndiaidh a chéile – fiú mura bhfuil iontu ach páirt-chomhaontuithe – ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán;
- na riachtanais a leagtar amach i bpointí 24, 28, 41 agus 44 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den phróiseas ailínithe le acquis an Aontais agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh an aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh chaibidlíochta AD 8/14 CONF-ME 4 agus AD 30/25 CONF-ME 14 uaidh, an acquis faoi chaibidil 32 mar atá i bhfeidhm ón 18 Samhain 2025, agus go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an acquis faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.

**Rialú Inmheánach Airgeadais Poiblí**

Aithníonn an tAontas go bhfuil creat cuimsitheach rialála, beartais, institiúideach agus oibríochtúil forbartha ag Montainéagró le haghaidh rialú agus iniúchadh inmheánach, creat atá i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Tá an tAontas ag súil go ndéanfar creat oibríochtúil Mhontainéagró don Rialú Inmheánach Airgeadais Poiblí a neartú a thuilleadh, go háirithe le haghaidh fiontair phoiblí agus bardas. Tá cuspóirí agus gníomhaíochtaí beartais rialaithe inmheánaigh mar chuid de Straitéis Athchóirithe an Riaracháin Phoiblí 2022-2026 agus de Chlár Athchóirithe na Bainistíochta Airgeadais Phoiblí 2022-2026, lena n-áirithítear go gcaitear le hathchóiriú agus cur i bhfeidhm an rialaithe airgeadais inmheánaigh phoiblí mar chuid lárnach d'athchóiriú níos leithne ar an riarachán poiblí.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil feabhas leanúnach curtha ag Montainéagró ar chur chun feidhme éifeachtach na cuntasachta bainistíochta sa riarachán poiblí, chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fheidhmiú chóras an rialaithe inmheánaigh airgeadais phoiblí agus do bhainistiú éifeachtúil acmhainní riaracháin agus buiséadacha. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró a áirithiú go gcuirfear an creat rialála maidir le cuntasacht bainistíochta chun feidhme go hiomlán de réir an ghealltanais a tugadh, lena n-áirítear trí shainmhíniú mionsonraithe ar dhualgais a thabhairt agus trí údarás, smacht fioscach, coimirciú sócmhainní, leagan síos cuspóirí agus tuairisciú a tharmligean, agus aird iomlán á tabhairt ar an mbuiséad leanúnach, ar an gcuntasaíocht agus ar athchóirithe eile is infheidhme.

Aithníonn an tAontas an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh maidir leis an uasghrádú ar an reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach a bhaineann le rialú airgeadais inmheánach poiblí, agus é mar chuspóir leis ailíniú breise a dhéanamh le caighdeáin an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phraiticiúla cur chun feidhme. Bunaithe ar an gcreat neartaithe sin, aithníonn an tAontas an dul chun cinn atá déanta, go háirithe trí reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh lena sonraítear rialacha agus treoirlínte maidir le rialú inmheánach agus lena neartaítear acmhainneachtaí riaracháin chun iad a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála poiblí, lena n-áirítear i réimsí na bainistíochta riosca agus neamhrialtachta.

Is díol sásaimh don Aontas go háirithe na feabhsuithe rialála is déanaí, lena dtreisítear an rialachas agus an chuntasacht bainistíochta sa bhainistiú buiséadach agus acmhainní daonna, lena bhfeabhsaítear cáilíocht agus neamhspleáchas na hiniúchóireachta inmheánaí trí chomhchuibhiú le caighdeáin idirnáisiúnta, agus lena mbunaítear creat níos éifeachtaí le haghaidh bainistiú riosca agus obair leantach ar neamhrialtachtaí.

Molann an tAontas do Mhontainéagró a áirithiú a thuilleadh go mbeidh forbairt straitéiseach na gcóras rialaithe inmheánaigh agus na rialachán gaolmhar amach anseo ailínithe go maith leis na leasuithe leanúnacha ar an reachtaíocht maidir le bainistiú airgeadais phoiblí agus athchóiriú an riaracháin phoiblí. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró freisin a áirithiú go ndíreofar forbairt straitéiseach na gcóras rialaithe inmheánaigh amach anseo ar bhainistíocht na n-institiúidí poiblí agus ar fheasacht na foirne maidir leis an ngá atá le comhlíonadh éifeachtach an rialaithe inmheánaigh agus na hiniúchóireachta inmheánaí chun acmhainní buiséadacha agus riaracháin a bhainistiú go fónta.

Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh maidir leis an gcreat oibríochtúil don iniúchóireacht inmheánach a neartú, agus maidir lena fheidhmiú trí fheabhas modheolaíochta, trí dhearbhú cáilíochta méadaithe agus trí ghairmiúlú an chórais iniúchóireachta inmheánaí lena n-áirítear iniúchóirí inmheánacha a dheimhniú agus a oiliúint. Tá an tAontas ag súil go ndéanfaidh Montainéagró an méid a leanas: (1) táirgiúlacht fheidhmeanna na hiniúchóireachta inmheánaí fheabhsú a thuilleadh tríd an gcomhar idir comhlachtaí rialaithe agus iniúchtaí inmheánacha a neartú; (2) leanúint de na hacmhainneachtaí riaracháin a uasghrádú trí oiliúint agus deimhniú gairmiúil a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais foirne agus dlús a chur leis an bpróiseas córasaithe post agus folúntais a líonadh go rialta; (3) feabhas a chur ar phleanáil, doiciméadacht agus tuairisciú iniúchóireachta d’fhonn táirgiúlacht a fheabhsú agus an t-ualach oibre riaracháin a laghdú. Maidir leis an mbainistiú riosca, tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn nithiúil atá déanta maidir le creat cuimsitheach rialála agus institiúideach a bhunú mar chuid de phróisis rialachais agus rialaithe inmheánaigh i riarachán poiblí Mhontainéagró. Aithníonn an tAontas éifeachtúlacht mhéadaithe an chórais, mar a léirítear leis an méadú atá ag teacht ar líon na n-eintiteas a bhfuil oifigigh bainistithe riosca ainmnithe agus cláir riosca bhunaithe acu ar fud na hearnála poiblí.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire, maidir le bainistiú neamhrialtachtaí, go bhfuil an creat rialála seanbhunaithe agus go gcuireann sé treoir leordhóthanach ar fáil maidir lena chur chun feidhme. Rinneadh an córas foriomlán a ailíniú agus a neartú a thuilleadh chun neamhrialtachtaí a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu, rinneadh soiléiriú ar na freagrachtaí agus na nósanna imeachta institiúideacha. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil méadú tagtha ar líon na n-oifigeach ainmnithe le haghaidh bainistiú neamhrialtachtaí, agus go bhfuil méadú le brath sna cásanna calaoise amhrasta arna dtuairisciú go trédhearcach. Tá an tAontas ag súil go leanfaidh Montainéagró d'fheabhas a chur ar acmhainneachtaí riaracháin chun a áirithiú go gcuirfear córais bainistithe rioscaí agus neamhrialtachtaí chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí, trí oiliúint rialta, trí dhearbhú cáilíochta, agus trí shásra láraithe a bhunú chun neamhrialtachtaí a thuairisciú agus chun sonraí maidir leo a bhailiú.

Thairis sin, tugann an tAontas dá aire gur neartaíodh acmhainneachtaí riaracháin chun feabhas a chur ar fheidhmeanna iniúchóireachta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit agus i gcistí slándála sóisialta agus go ndéantar bearta leanúnacha chun feabhas a chur orthu.

Tugann an tAontas dá aire freisin go mbunaítear, leis an dlí nua maidir le cigireacht buiséid, feidhm cigireachta buiséid airgeadais atá deighilte go hiomlán, ó thaobh eagrúcháin agus feidhme de, ón gcigireacht inmheánach. I bhfianaise ghealltanas Mhontainéagró an chomhlántacht idir cigireacht bhuiséadach agus iniúchadh inmheánach a neartú a thuilleadh trí choimircí breise a dhéanamh le linn an chur chun feidhme, tá an tAontas ag súil go leanfaidh Montainéagró den dlí nua maidir le cigireacht buiséid a leasú faoi dheireadh 2025.



PUBLIC

**Iniúchóireacht sheachtrach**

Aithníonn an tAontas go bhfuil creat dlíthiúil láidir forbartha ag Montainéagró le haghaidh iniúchadh seachtrach i gcomhréir le caighdeáin agus dea-chleachtais an Aontais agus le caighdeáin agus dea-chleachtais idirnáisiúnta. Bhunaigh Institiúid Iniúchóireachta Stáit (IIS) Mhontainéagró creat cuimsitheach rialála, institiúideach agus oibríochtúil lena léirítear na prionsabail agus na dea-chleachtais a chuireann Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta chun cinn.

I ndáil leis an méid sin, tugann an tAontas dá aire gur áirithigh Montainéagró neamhspleáchas airgeadais, feidhmiúil agus institiúideach an IIS i gcomhréir le caighdeáin Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta, lena n-áirítear trína bhunreacht, agus tríd an reachtaíocht chomhfhreagrach a chur i bhfeidhm. Cuireann sé sin ar chumas an IIS a shainordú a chur i gcrích go héifeachtach agus go neamhchlaonta. Déanann an IIS iniúchtaí airgeadais agus feidhmíochta araon, rud a chuireann le trédhearcacht, cuntasacht agus bainistíocht fhónta fheabhsaithe an airgeadais phoiblí. Cé go n-aithníonn an tAontas gur neartaigh an ISS sin a chumas riaracháin, tá sé ag súil go líonfar folúntais. Tá an tAontas ag súil go leanfaidh Montainéagró de neamhspleáchas airgeadais, feidhmiúil agus institiúideach an IIS a áirithiú.

Thairis sin, aithníonn an tAontas an dul chun cinn atá déanta chun neart a chur leis an modheolaíocht iniúchóireachta, na cleachtais tuairiscithe, agus na sásraí leantacha ar mholtaí iniúchóireachta, lena rannchuidítear le maoirseacht éifeachtach ar chaiteachas poiblí agus le rialachas na hearnála poiblí a fheabhsú, go háirithe ag an bParlaimint. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró nuashonruithe rialta a chur ar fáil maidir leis an obair leantach ar thorthaí iniúchóireachta an IIS agus tá sé ag súil go gcuirfidh Montainéagró feabhas ar chur chun feidhme thorthaí agus mholtaí thuarascálacha an IIS.

Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró comhar an IIS le hEagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta, Uasfhórsaí Iniúchóireachta an Aontais agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a neartú a thuilleadh. Tugann an tAontas dá aire freisin tiomantas Mhontainéagró an comhar idir an Pharlaimint agus an Rialtas a fheabhsú a thuilleadh.

**Cosaint leasanna airgeadais an Aontais**

Tugann an tAontas dá aire tiomantas Mhontainéagró Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a chomhlíonadh, lena n-áirítear dlúthchomhar rialta a dhéanamh idir an Coimisiún agus na húdaráis inniúla.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil bailchríoch curtha ag Montainéagró ar an bpróiseas chun a reachtaíocht náisiúnta a ailíniú le Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil tríd an Dlí lena leasaítear Cód Coiriúil Mhontainéagró a ghlacadh an 14 Deireadh Fómhair 2025 (Foraithne maidir le Forógra an Dlí lena leasaítear Cód Coiriúil Mhontainéagró, Uimh. 01-009/25-1967/2), a tháinig i bhfeidhm an 22 Deireadh Fómhair 2025 ('Iris Oifigiúil Mhontainéagró', Uimh. 121/25).

Aithníonn an tAontas gur ainmníodh seirbhís comhordúcháin frithchalaoise laistigh den Aireacht Airgeadais, agus gur neartaíodh a hacmhainneacht riaracháin. Bunaíodh líonra comhfhreagrach seirbhíse comhordúcháin frithchalaoise de na húdaráis náisiúnta ábhartha a bhfuil baint acu le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint freisin, agus feabhsaíodh é trí oiliúint.

Aithníonn an tAontas gur glacadh straitéis náisiúnta chun calaois agus bainistiú neamhrialtachta a chomhrac ar mhaithe le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint don tréimhse 2025-2028 i mí Iúil 2025, chomh maith leis an bplean gníomhaíochta a ghabhann léi don tréimhse 2025-2026.

Tugann an tAontas dá aire gur léiríodh go bhfuil an comhar leis an gCoimisiún maidir le himscrúduithe éifeachtach agus éifeachtúil agus go bhfuil cuntas teiste á fhorbairt ag Montainéagró maidir le neamhrialtachtaí a thuairisciú trí leanúint de neamhrialtachtaí a thuairisciú sa chóras bainistíochta neamhrialtachtaí.

Tá an tAontas ag súil go neartóidh Montainéagró a acmhainneacht riaracháin a thuilleadh agus go gcoinneoidh sé a líonra comhlachtaí frithchalaoise ar bun, chomh maith le leanúint de phlean gníomhaíochta na straitéise náisiúnta frithchalaoise atá ann faoi láthair a chur chun feidhme. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró a áirithiú go leanfar d'fheabhas a chur ar thuairisciú neamhrialtachtaí agus calaoise faoi na hoibleagáidí a leagtar amach sa chomhaontú maoiniúcháin de réir threocht dhearfach na mblianta deireanacha.

PUBLIC

**An euro a chosaint ar ghóchumadh**

Tugann an tAontas dá aire gur shínigh agus gur dhaingnigh Montainéagró Coinbhinsiún na Ginéive 1929 maidir le Góchumadh Airgeadra a Dhíchur tríd an Dlí maidir le Daingniú Choinbhinsiún Idirnáisiúnta na Ginéive maidir le Góchumadh Airgeadra a Dhíchur a ghlacadh an 13 Deireadh Fómhair 2015 ('Iris Oifigiúil Mhontainéagró – Conarthaí Idirnáisiúnta', Uimh. 12/15. Aithníonn an tAontas go bhfuil creat dlíthiúil Mhontainéagró ailínithe le acquis ábhartha an Aontais maidir leis an euro a chosaint ar ghóchumadh. I ndáil leis sin, ghlac Banc Ceannais Mhontainéagró an Cinneadh maidir le Láimhseáil Eiseamail Amhrasta de Nótaí Bainc agus Monaí Euro agus Gníomhaíochtaí eile chun an Euro a Chosaint ar Ghóchumadh ('Iris Oifigiúil Mhontainéagró', Uimh. 35/11 agus 61/18) chun ailíniú a dhéanamh le Rialachán (CE) 1338/2001 ón gComhairle agus le Rialachán (CE) 1339/2001 ón gComhairle lena leathnaítear éifeachtaí Rialachán (CE) 1338/2001.

Thairis sin, ghlac Banc Ceannais Mhontainéagró an Cinneadh maidir le Boinn agus Licíní atá cosúil le Monaí Euro ('Iris Oifigiúil Mhontainéagró', Uimh. 44/14 agus 61/18) chun é a ailíniú le Rialachán (CE) 2182/2004 ón gComhairle agus Rialachán (CE) 46/2009 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) 2182/2004, agus le Rialachán (CE) 2183/2004 ón gComhairle agus Rialachán (CE) 47/2009 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) 2183/2004.

Measann an tAontas go n-áirithíonn Montainéagró acmhainneacht riaracháin leordhóthanach chun anailís theicniúil a dhéanamh ar nótaí bainc agus monaí euro góchumtha agus chun iad a aicmiú, agus go gcuireann sé córas leordhóthanach i bhfeidhm chun iad a fhíordheimhniú, mar a fhianaítear le glacadh an Chinnidh maidir le hOiriúnacht agus Fíordheimhniú Nótaí Bainc agus Monaí ag Banc Ceannais Mhontainéagró an 31 Iúil 2024 ('Iris Oifigiúil Mhontainéagró', Uimh. 78/24). Ina theannta sin, tugann an tAontas dá aire na gníomhaíochtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun an euro a chosaint ar ghóchumadh i gcomhréir le rialacháin agus caighdeáin chomhchuibhithe an Aontais agus BCE, lena n-áirítear comhar rialta agus malartú faisnéise.

Tugann an tAontas dá aire pleananna Mhontainéagró leanúint de bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an chláir Pericles IV, chomh maith le tuilleadh comhair a dhéanamh leis an gCoimisiún, leis an mBanc Ceannais Eorpach agus le roinnt Banc Ceannais de chuid Bhallstáit an Aontais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cosaint neamhspleáchas an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear a neamhspleáchas airgeadais, agus ceapacháin na leas-ghobharnóirí agus na gcomhaltaí boird a bheith thrédhearcach neamhchlaonta.

Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró a áirithiú go mbeidh acmhainneacht riaracháin leordhóthanach ag an lárionad náisiúnta anailíse le haghaidh anailís theicniúil agus go leanfaidh sé den chomhar idirnáisiúnta.

***

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh ar an gcaibidil seo ag an bpointe seo.



PUBLIC

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an ailíniú le acquis an Aontais agus maidir leis an acquis a chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Dearbhaíonn an tAontas go dtabharfaidh sé aird faoi leith ar an bhfaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn a áirithiú go mbeadh an cumas riaracháin ag Montainéagró acquis an Aontais sa chaibidil seo a fhorfheidhmiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí eile caibidlíochta. Ní anois ach ag céim is faide anonn sa chaibidlíocht a bheifear in ann an measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht Mhontainéagró le acquis an Aontais agus ar a indéanta a bheidh sé an reachtaíocht sin a chur chun feidhme. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme acquis an Aontais.

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh chaibidlíochta AD 8/14 CONF-ME 4 agus AD 30/25 CONF-ME 14 uaidh, an acquis faoi chaibidil 32 mar atá i bhfeidhm ón 18 Samhain 2025. Thairis sin, tugann an tAontas dá aire go ndearbhaíonn Montainéagró go leanfaidh sé den phróiseas ailínithe leis an acquis agus go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an acquis faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh acquis nua bheith sa chaibidil seo idir an 18 Samhain 2025 agus dáta an aontachais.